Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Cáin Mhaoine Áitiúil 2017 – Ceisteanna Coitianta

Céard í an Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)?

Is éard atá sa Cháin Mhaoine Áitiúil cáin atá iníoctha ar luach margaidh maoine cónaithe.

Céard is maoin chónaithe ann?

Is éard atá i maoin chónaithe aon fhoirgneamh nó aon struchtúr (nó cuid d'fhoirgneamh) a n-úsáidtear é, nó atá oiriúnach lena úsáid, mar áit chónaithe agus áirítear leis aon seid, cró, garáiste nó foirgneamh nó struchtúr eile agus áirítear leis talamh suas le haon acra amháin ar achar. Ní bhaineann CMÁ le láithreáin forbraíochta ná le talamh feirme.

Cathain a tháinig CMÁ i bhfeidhm?

Tháinig an muirear i bhfeidhm an 1 Iúil 2013. Bhí muirear leathbhliana iníoctha in 2013, agus tá muirear bliana iomláine iníoctha ó 2014 ar aghaidh.

Cé atá freagrach as an gcáin a bhailiú?

Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a bhailíonn CMÁ. Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim réimse modhanna ar fáil chun an cháin a íoc. Is féidir sonraí breise a fháil ón seoladh seo a leanas: http://www.revenue.ie/ga/tax/lpt/

Cé atá faoi dhliteanas CMÁ a íoc?

Tá gach úinéir maoine cónaithe, lena n-áirítear maoin ar cíos, faoi dhliteanas an cháin a íoc. Tá na grúpaí seo a leanas faoi dhliteanas CMÁ a íoc freisin:

- Daoine a bhfuil léas fadtéarmach acu (léas 20 bliain nó níos faide)
- Daoine a bhfuil léas saoil nó ceart cónaithe fadtéarmach (ceart cónaithe saoil nó ceart cónaithe os cionn 20 bliain) acu i maoin chónaithe
- Údaráis áitiúla agus eagraíochtaí tithíochta sóisialta
- Duine atá ag gníomhú i gcáil ionadaí phearsanta d'úinéir nach maireann (mar sheiceadóir/riarthóir eastáit, mar shampla). Tá iontaobhaithe agus tairbhithe faoi dhliteanas i gcomhpháirt i gcás ina bhfuil maoin chónaithe á sealbhú ar iontaobhas.

Cén chaoi a ríomhtar luach na maoine?

Tá an cháin bunaithe ar *luach inmhuirir* maoine cónaithe ar an *dáta luachála*. Sainmhínítear an luach inmhuirir mar an luach margaidh, a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach, a bheadh ar an maoin dá ndíolfaí í ar an margadh oscailte ar an dáta luachála.

Tar éis d'athbhreithniú a bheith déanta ar an gCáin Mhaoine Áitiúil, fógraíodh i mBuiséad 2016 go gcuirfear dáta athluachála na Cánach Maoine Áitiúla siar ó 1 Samhain 2016 go 1 Samhain 2019. Ciallaíonn an cur siar seo go leanfaidh úinéirí tí den CMÁ a íoc agus í bunaithe ar na luachálacha bunaidh a bhí i bhfeidhm in 2013 go dtí 2019.

Céard é an bunráta CMÁ?

Is é 0.18% an bunráta CMÁ.

Céard é an bunráta CMÁ i gcás Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?

Is é 0.153% an bunráta CMÁ i gcás Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Cén fáth a bhfuil ráta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath difriúil?

Faoi Alt 20 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, is feidhm fhorchoimeádta de chuid ár gcomhaltaí tofa é athrú +/- 15% a dhéanamh ar an mbunráta CMÁ. Tugtar an fachtóir coigeartaithe áitiúil ar an gcoigeartú sin agus ní rachaidh sé thar 15%.

Mar chuid den phróiseas buiséadach, rith ár gcomhaltaí tofa rún ar 22 Meán Fómhair 2015 chun laghdú 15% a dhéanamh ar an CMÁ i gceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2016. Is é 0.153% an ráta éifeachtach CMÁ i gcás Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2015 ar mhaoin a bhfuil luach suas le €1 mhilliún uirthi. I gcás maoine ar mó a luach ná €1 mhilliún, tá cáin dlite ag 0.153% ar an gcéad €1 mhilliún agus ag 0.2125% ar an luach os cionn €1 mhilliún.

Cé mhéad a chosain sé ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an CMÁ a laghdú?

Ciallaíonn an laghdú ar an CMÁ gur chaill Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maoiniú €11.6m.

Cén fáth a n-iarrtar orm an CMÁ a athrú arís?

De réir Ionstraim Reachtúil 296 na bliana 2014, féadfaidh an t-údarás áitiúil:

'An bunráta a athrú agus fachtóir coigeartaithe áitiúil a shocrú, de réir rúin, a bheidh i bhfeidhm ar feadh tréimhse bliana amháin ón gcéad dáta eile a ndlifear cáin mhaoine áitiúil'

Dá bhrí sin, nuair a rith ár gcomhaltaí tofa rún i Meán Fómhair 2015 leis an ráta a athrú, ba le dliteanas na bliana 2016 amháin a bhain sé. D'fhonn an dliteanas CMÁ in 2017 a laghdú, caithfidh ár gcomhaltaí tofa rún a rith i Meán Fómhair 2016 agus caithfear na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoi 30 Meán Fómhair 2016.

Arís, ní féidir an ráta a athrú ach de réir +/- 15% den bhunráta.

Cén muirear a bhfuil mé faoi dhliteanas é a íoc faoi láthair?

Tá an Cháin Mhaoine Áitiúil bunaithe ar bhandaí luach margaidh. Cuimsítear leis an gcéad bhanda gach maoin suas le luach €100,000. Méadaítear na bandaí in iolraithe ar €50,000 ina dhiaidh sin. Sa tábla thíos, léirítear an muirear atá á íoc agat faoi láthair bunaithe ar do bhanda luachála:

Banda Luachála CMÁ	Lárphointe	An Cháiun Mhaoine Bhliantúil
€		€
0-100,000	50,000	**76.50**
100,001-150,000	125,000	**191.25**
150,001-200,000	175,000	**267.75**
200,001-250,000	225,000	**344.25**
250,001-300,000	275,000	**420.75**
300,001-350,000	325,000	**497.25**
350,001-400,000	375,000	**573.75**
400,001-450,000	425,000	**650.25**
450,001-500,000	475,000	**726.75**
500,001-550,000	525,000	**803.25**
550,001-600,000	575,000	**879.75**
600,001-650,000	625,000	**956.25**
650,001-700,000	675,000	**1,032.75**
700,001-750,000	725,000	**1,109.25**
750,001-800,000	775,000	**1,185.75**
800,001-850,000	825,000	**1,262.25**
850,001-900,000	875,000	**1,338.75**
900,001-950,000	925,000	**1,415.25**
950,001-1,000,000	975,000	**1,491.75**
Déantar maoin ar mó a luach ná €1 mhilliún a mheasúnú de réir a luacha reatha ag 0.153% ar an gcéad €1 mhilliún agus ag 0.2125% ar an luach os cionn €1 mhilliún.		

Cén cistiú CMÁ a bhfuiltear ag súil leis don bhliain 2016?

Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tar éis a mheas go mbeidh maoiniú CMÁ €77.5 milliún ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2016. Tar éis an aistrithe go dtí an gciste náisiúnta comhionannaithe (€15.5m), agus an laghdú 15% (€11.6m) a bheith rite ag ár gcomhaltaí tofa agus coigeartú €0.2m, ní bheidh laghdú ar mhaoiniú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2016 i gcomparáid le 2015 ó fháltais CMÁ; is é an maoiniú atá ar fáil ná €50.6m. Ríomhtar an maoiniú a bhfuiltear ag súil leis mar seo a leanas; féach ar Thábla 1:

Tábla 1

Mar a Ríomhadh an Cistiú CMÁ do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2016	
	€m
Cistiú CMÁ arna Fhógairt do CCBÁC don Bhliain 2016	77.5
Cistiú Comhionannaithe	15.5
Laghdú 15%	11.6
	50.4
Cistiú Forlíontach	0.2
Cistiú CMÁ ar fáil don Bhliain 2016	**50.6**

Cén chaoi a n-úsáidfidh Cathair Bhaile Átha Cliath an t-airgead sin?

Ordaíodh do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gCiorclán Fin 12/2015 agus i gcomhfhreagras breise dar dáta 10 Feabhra 2016 na deontais seo a leanas a mhaoiniú í féin in 2016 .i. maoineoidh an CMÁ deontais a bhí maoinithe ag an Rialtas roimhe seo. B'ionann an CMÁ in 2016 agus €4.2m de mhaoiniú breise do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus iarmhéid an mhaoinithe CMÁ ag dul in áit deontais Rialtais a íocadh roimhe seo. Féach Tábla 2 thíos:

Tábla 2

Leithdháileadh Chistiú CMÁ don Bhliain 2016	
	€m
Caipiteal Tithíochta	22.9
Ioncam Tithíochta	15.1
Deontas Bóithre	5.8
Leithdháileadh CMÁ Roimhe Seo (sa bhonn cistithe cheana)	2.6
An méid iomlán cistiú CMÁ a ghabhfaidh in ionad na sruthanna cistiúcháin atá ann faoi láthair	46.4
Cistiú Breise	4.2
Cistiú Iomlán CMÁ	**50.6**

An é nach bhfuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ach €4.2m de mhaoiniú breise ón CMÁ in 2016?

Is fíor sin. Is é an maoiniú dearbhaithe CMÁ do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ná €77.5m agus ní hionann ach €4.2m (nó 5.4%) de seo agus maoiniú breise don Chathair (féach ar Thábla 2

thuas). Ba chóir dúinn a thabhairt dár n-aire nach maoiniú nua é an maoiniú seo; Is ionann é agus leanúint den mhaoiniú breise ón CMÁ in 2015 a thacaíonn le soláthar seirbhísí i láthair na huaire. Ní bhfuarthas maoiniú breise ar bith i leithdháileadh CMÁ 2016 i gcomparáid leis an méid a fuarthas in 2015.

Céard é an Ciste Náisiúnta Comhionannaithe?

D'fhógair an rialtas i Meán Fómhair 2014 go mbeadh 80% de na fáltais CMÁ uile arna bhfáil ag údarás áitiúil le coinneáil go háitiúil agus an 20% eile díobh le hathdháileadh ar an gciste náisiúnta comhionannaithe. Tá an ciste seo ceaptha le tacaíocht airgeadais a thabhairt do Chomhairlí a mbeadh a bhfáltais CMÁ níos lú in 2016 ná an leithdháileadh a fuair siad ón gCiste Rialtais Áitiúil in 2014. Bainfidh naoi n-údarás áitiúla déag tairbhe as an gciste comhionannaithe in 2016. Is é €108.3 milliún luach iomlán an mhaoinithe seo i gcás 2016. Ní fhaigheann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maoiniú ar bith ón gCiste Comhionannaithe.

Cén tionchar atá ag CMÁ ar sholáthar seirbhísí na nÚdarás Áitiúil?

Tabharfar ioncam ón CMÁ do na hÚdaráis Áitiúla agus maoineofar soláthar seirbhísí poiblí leis. Cloíonn an smaoineamh seirbhísí áitiúla a mhaoiniú trí mhuirir áitiúla leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. I measc seirbhísí eile, tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as Páirceanna Poiblí, Leabharlanna, Saoráidí Fóillíochta, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean, Glanadh Sráideanna, Soilsiú Sráide, Cothabháil Bóithre, Pleanáil agus Forbairt, Mótarcháin, agus Toghcháin Áitiúla.

An bhfuil aon ionchur agamsa sa phróiseas?

Tá. Faoi Alt 20 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, ceanglaítear ar Údarás Áitiúil próiseas comhairliúcháin phoiblí a chur i bhfeidhm chun tuairimí agus dearcthaí a lorg ón bpobal. Mar chuid den phróiseas sin, iarrann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ort do thuairimí ar CMÁ a chur isteach.

Beidh céim an chomhairliúcháin phoiblí ar siúl ón Déardaoin 14 Iúil 2016 go Luan 15 Lúnasa 2016. Caithfidh suirbhéanna comhlánaithe a bheith faighte faoi 4.30pm Dé Luain 15 Lúnasa 2016.

Úsáidfear an fhaisnéis a gheofar sa phróiseas sin chun faisnéis a chur ar fáil do na Comhairleoirí agus a ndualgais chinnteoireachta á gcomhlíonadh acu. Reáchtálfar cruinniú comhairle chun plé a dhéanamh air seo i mí Mheán Fómhair.

Is féidir leat do thuairim/do dhearcadh a léiriú mar seo a leanas:

1 – Tríd an Suirbhé seo ar líne a chomhlánú ag: **http://bit.ly/LPTSurvey2016**

2 – Tríd an suirbhé seo a chomhlánú agus é a sheoladh le ríomhphost chuig: lptconsultation@dublincity.ie

3 – I scríbhinn tríd an suirbhé seo a chomhlánú agus é a sheoladh chuig:

Comhairliúchán ar an gCáin Mhaoine Áitiúil,
F.Ch. An Rannóg Airgeadais,
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,
Oifigí na Cathrach,
Cé an Adhmaid,
Baile Átha Cliath 8

Cuirfear cóipeanna crua den suirbhé seo ar fáil i Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus san Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí, Oifigí na Cathrach, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8 agus in Oifigí Ceantair áitiúla. Beidh leagan pdf den suirbhé ar líne ar fáil le híoslódáil chomh maith ag : **http://bit.ly/LPTSurvey2016** nó trí iarratas ríomhphoist chuig lptconsultation@dublincity.ie

Céard a tharlóidh má athraíonn na Comhaltaí Tofa an bunráta CMÁ?

Ní mór don Chomhairle Cathrach fógra a thabhairt don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus do na Coimisinéirí Ioncaim araon faoin 30 Meán Fómhair 2016. Déanfar fógra poiblí chun an pobal a chur an eolas faoin gcinneadh sin a fhoilsiú laistigh de 14 lá ó ghlacadh chinneadh na gcomhaltaí tofa i nuachtáin áitiúla agus ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath www.dublincity.ie.